**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*an Coiste um Buiséid*

**2025/0543(COD)**

25.6.2026

# MEASÚNÚ BUISÉADACH

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695

(COM(2025)0543 – C10-0164/2025 – 2025/0543(COD))

Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach: Hélder Sousa Silva

PA_LegEvaluation

## MEASÚNÚ BUISÉADACH

**chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695**
**(COM (2025)0543 – C10-0164/2025 – 2025/0543(COD))**

Tá measúnú buiséadach ar an togra déanta ag an gCoiste um Buiséid, de bhun Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta, inar thángthas ar an tátal seo a leanas:

*Tá an Coiste um Buiséid*,

A. de bhrí go sainaithnítear i dtuarascáil Draghi go bhfuil Taighde agus Nuálaíocht (T&N) ar cheann de na príomhrudaí a spreagann táirgiúlacht agus folláine daoine, gur féidir leis seachtrachtaí dearfacha a ghiniúint agus tacú le huathriail straitéiseach agus le samhail shóisialta an Aontais; de bhrí go dtacaíonn an tuarascáil le clár athchóirithe agus níos simplí a dhearadh atá dírithe ar thosaíochtaí roghnaithe agus buiséad méadaithe EUR 200 billiún; de bhrí go leagtar béim sa tuarascáil ar an bhfócas neamhleor ar nuálaíocht cheannródaíoch i gcóras nuálaíochta reatha an Aontais;

B. de bhrí go ndeimhnítear leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár Fís Eorpach[1] an breisluach ard Eorpach a bhaineann leis, chomh maith le hábharthacht agus éifeachtacht an chláir; de bhrí go dtugtar chun suntais sa mheastóireacht, in ainneoin an mhéadaithe ar mheánráta ratha an togra ó 12 % in Fís 2020 go 16.4 % in Fís Eorpach (agus ó 9 % go 14 % sna tíortha a thagann faoin bhfairsingiú), nach rabhthas in ann ach 30 % de na tograí ardcháilíochta a mhaoiniú agus go mbeadh gá le EUR 81.8 billiún breise chun iad uile a chistiú;

C. de bhrí go n-athdhearbhaítear i nDearbhú Bhúdaipeist a thábhachtaí atá sé 3 % de OTI a thiomnú don taighde agus don fhorbairt (T&F) faoi 2030; de bhrí, sna 26 bliana ó bhí Dhearbhú Barcelona ann, nach bhfuil an sprioc sin bainte amach ach ag cúpla Ballstát; de bhrí gur féidir leis an gClár Fís Eorpach tacú leis an sprioc sin a bhaint amach agus cistí breise a ghiaráil ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha;

D. de bhrí go moltar i dtuarascáil Letta ‘an cúigiú Saoirse nua chun taighde, nuálaíocht agus oideachas sa Mhargadh Aonair a fheabhsú’, lena n-éilítear Limistéar Eorpach Taighde atreisithe agus lánoibríochtúil; de bhrí gur cheart don chlár Fís Eorpach rannchuidiú le cur chun feidhme na saoirse breise sin, lena n-áirítear trí thacú le soghluaisteacht taighdeoirí laistigh den Limistéar Eorpach Taighde;

E. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú nach ón earnáil phoiblí amháin a thagann slógadh acmhainní agus an méadú ar infheistíocht in T&N, ar cheart di gníomhú mar

[1] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 20 Aibreán 2025 dar teideal ‘Meastóireacht Eatramhach ar Chlár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2024)’ (SWD(2025)0110).

sheift chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh, rud a fhágfaidh go mbeidh réimsí infheistíochta T&N tarraingteach do ghnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide;

F. de bhrí go leanann éagothromaíochtaí seasmhacha i bhfeidhmíocht T&N de theorainn a chur le hiomaíochas foriomlán an Aontais; de bhrí gur gá cóineasú neartaithe laistigh den Limistéar Eorpach Taighde chun an deighilt nuálaíochta a dhúnadh agus chun barr feabhais nár baineadh leas as go fóill a dhíghlasáil ar fud na mBallstát uile;

G. de bhrí go léirítear tábhacht na dteicneolaíochtaí dé-úsáide sa chogadh dearg leanúnach san Úcráin;

1. á mheas gur cheart imchlúdach an chláir a mhéadú ó EUR 154 bhilliún go EUR 200 billiún (nó EUR 177 mbilliún i bpraghsanna 2025) chun an borradh nuálaíochta is gá sna príomh-earnálacha a chur faoi iomaíochas na hEorpa, chun tacú le bonn taighde an Aontais agus chun réitigh nua ar dhúshláin uilíocha sa tsochaí a chothú chun leibhéil leordhóthanacha cistiúcháin a áirithiú do na tosaíochtaí agus do chuspóirí uile an chláir, chun tacú leis an gcuspóir 3 % de OTI a thiomnú do chaiteachas T&F faoi 2030;

2. á mheas nach mór acmhainní leordhóthanacha idir dhaonna, theicniúla agus TF a bheith ar fáil ón tús agus le linn chlár-thréimhse iomlán chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 atá ar na bacáin chun cur chun feidhme éifeachtach an chláir Fís Eorpach a áirithiú;

3. á chur i bhfios gurb iad T&N is mó a spreagann an t-iomaíochas fadtéarmach; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart go ndíreofaí le hidirghabhálacha faoi Cheannteideal 2 den chéad CAI eile i gcoitinne, agus Fís Eorpach go háirithe, ar *inter alia* an bhearna nuálaíochta idir an tAontas agus iomaitheoirí domhanda a dhúnadh chun do mbeidh an tAontas níos iomaíche, chun aistriú rianúil réidh ón taighde ardcháilíochta go réitigh inmhargaidh a áirithiú, agus chun an buntáiste teicneolaíoch is gá a thabhairt do ghnólachtaí an Aontais chun go mbeidh rath orthu san iomaíocht oscailte dhomhanda;

4. á mheas gur cheart acmhainní suntasacha a dhíriú i dtreo teicneolaíochtaí slándála, dé-úsáide agus cosanta agus ar thionscadail T&N chun an cheannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht a neartú; ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún clár sonrach le haghaidh taighde a bhaineann le cosaint mar chuid den Chiste Eorpach um Iomaíochas; á chur in iúl gur geal leis go bhfuil Fís Eorpach tiomanta i gcónaí do thacú le taighde sibhialtach agus dé-úsáide;

5. á chur i bhfios nach n-áirítear sa mhiondealú ar an mbuiséad in Airteagal 6 ach 7 méid tháscacha ar leibhéal na míre i gcomparáid le 15 cinn sa tréimhse 2021-2027; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil buiséad intuartha ann le haghaidh go leor gníomhaíochtaí - go háirithe laistigh de Cholúin I agus III - áit nach bhfuil imchlúdach airgeadais soiléir ann do na tairbhithe; á thabhairt dá aire, agus is cúis imní di, go dtabharfadh sé sin saoirse mhór don Choimisiún tosaíochtaí caiteachais a aistriú agus cinntí a dhéanamh ina leith le linn an chur chun feidhme gan aon bhreisluach do na taighdeoirí, do na nuálaithe agus do FBManna a thairbhíonn den chlár; á mholadh go socrófaí fo-imchlúdaigh tháscacha do gach colún agus do gach fochlár sa bhunghníomh chun intuarthacht fhadtéarmach, trédhearcacht agus cuntasacht dhaonlathach a mhéadú;

6. ag aithint gur chothaigh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) roinnt glúnta de Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna), agus neart éiceachóras T&N san Aontas á ghiaráil aici; á chreidiúint gur cheart don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht gníomhú mar éascaitheoir chun go n-éireoidh le PENanna tríd an dea-chleachtas a roinnt, trí thacú le cistí poiblí a riar agus trí bhreisluach tras-PEN a chruthú; á iarraidh go ndéanfaí acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, lena n-áiritheofar go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an ngníomhaireacht dhíláraithe sin chun a sainordú sa todhchaí a chomhlíonadh agus chun na cúraimí a chuirtear uirthi a chur i gcrích;

7. á chur i bhfios gur cheart go leanfadh Fís Eorpach de bheith ina chlár atá go hiomlán féinrialaitheach neamhspleách, agus comhleanúnachas agus comhlántacht leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas á n-áirithiú ag an am céanna trí thosaíochtaí straitéiseacha ailínithe, gan dochar dá rialachas féin, dá chritéir mheastóireachta bharrfheabhas-bhunaithe agus dá rialacha neamhspleácha; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach, ag an am céanna, go leanfaí d'Fhís Eorpach a chomhordú le cláir uile an Aontais a bhféadfadh nasc a bheith acu leis an nuálaíocht agus leis an taighde, pé acu oiliúint, sláinte, infheistíocht a mhealladh nó acmhainneacht iomaíoch ghnólachtaí an Aontais a chothú; ag tabhairt dá haire na sineirgí atá molta idir Fís Eorpach agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas; ag teacht leis an measúnú gur cheart don dá chlár oibriú go dlúth le chéile chun a áirithiú go mbeidh buiséad an Aontais oiriúnach chun tacú le nuálaithe Eorpacha, ón taighde bunúsach go dtí an tráchtálú; á chur i bhfáth, ina leith sin, nach mór aon tras-ranníocaíocht idir cláir a léiriú go cuí i ráiteas feidhmíochta an chláir; á chur i bhfáth nár cheart castacht dhíréireach do na tairbhithe a bheith mar thoradh ar chomhlántacht fheabhsaithe idir cláir; á iarraidh go mbeadh cistiú an Aontais níos soiléire, níos inrochtana agus níos comhleanúnaí chun glacadh a éascú agus chun tionchar na n-infheistíochtaí a uasmhéadú;

8. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, an bhearna struchtúrach sheasmhach i T&N idir na Ballstáit agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí neartaithe chun an bhearna sin a dhúnadh laistigh den Aontas;

9. á aithint gur gné thábhachtach d'ollstruchtúr CAI 2028-2034 í an tsolúbthacht faoi mar a mhol an Coimisiún; á mheabhrú, áfach, gur gá acmhainní bliantúla intuartha agus leordhóthanacha a áirithiú don chlár Fís Eorpach, i bhfianaise nádúr fadtéarmach na dtionscadal T&N; á mheas go n-áiritheofaí intuarthacht do thairbhithe deiridh le leithdháileadh buiséadach táscach i gcás gach míre den chlár, gan a shainphribhléidí a bhaint den údarás buiséadach;

10. á chur in iúl gur oth leis nach bhfuil ainmníocht bhuiséadach tháscach atá mionsonraithe go leormhaith ann a mholtar sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach, nach n-áirítear ann ach 5 líne bhuiséid, i gcomparáid le 44 líne bhuiséid sa tréimhse 2021-2027; á mheas go gcuirfidh sé sin bac ar mhaoirseacht, ar intuarthacht agus ar chumas an údaráis bhuiséadaigh tosaíochtaí beartais sa nós imeachta buiséadach bliantúil a stiúradh go cruinn; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go n-éascódh an t-ollstruchtúr buiséadach atá ró-chomhiomlánaithe aistrithe as cuimse nach bhfuil faoi réir chinneadh an údaráis bhuiséadaigh; á mholadh, dá bhrí sin, ainmníocht níos mionsonraithe a bheith ann lena léireofaí i gceart cuspóirí agus struchtúr an chláir agus lena bhfeabhsófaí trédhearcacht,

cuntasacht agus rialú parlaiminteach; á mheabhrú nach mór don ainmníocht bhuiséadach a bheith i gcomhréir le hAirteagal 47(2) den Rialachán Airgeadais[2], lena bhforáiltear nach mór gach teideal a bheith comhfhreagrach do réimse beartais agus go mbeadh gach caibidil comhfhreagrach, mar riail, do chlár nó do ghníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail na sonraíochta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta; á áitiú gur dlúthchuid de sheasamh caibidlíochta na Parlaiminte í an ainmníocht bhuiséadach agus nach mór í a phlé i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha; á mheas, i ndáil leis an méid sin, nach mór LFDS athbhreithnithe a bheith mar chuid den chomhaontú polaitiúil críochnaitheach;

11. á áitiú gur gá reachtaíocht atá mionsonraithe agus fónta a dhóthain, lena mbaineann leibhéal iomchuí rialachais, chun go mbeidh cinnteoireacht bhuiséadach chuí agus maoirseacht pharlaiminteach leormhaith ann le linn chur chun feidhme an bhuiséid; á mheas nach féidir le ‘sásra stiúrtha’ nach bhfuil tógtha go maith cúiteamh a dhéanamh ar aon chailleadh ar chumhachtaí reachtacha nó buiséadacha na Parlaiminte agus nach bhfuil sé iomchuí chun clár a stiúradh a thacaíonn le hobair ar theorainneacha na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, go háirithe ós rud é go ndéantar timthriallta nuálaíochta i roinnt earnálacha straitéiseacha a thomhas i seachtainí nó míonna agus gur nós imeachta é an sásra stiúrtha a thógann blianta;

12. á chreidiúint nach mór gach rogha beartais shubstainteach, lena n-áirítear tosaíochtaí caiteachais agus leithdháiltí airgeadais, a chinneadh i mbunghníomh Fís Eorpach agus lánurraim á tabhairt do shainphribhléidí na Parlaiminte mar chomhreachtóir agus mar bhrainse amháin d’údarás buiséadach an Aontais; á mheabhrú nach mór aon ghnéithe neamhriachtanacha lena mbaineann roghanna beartais nach n-áirítear sa bhunghníomh, lena n-áirítear cláir oibre, a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe;

13. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh cur chun feidhme agus forbairt an chláir trédhearcach agus luachanna Eorpacha agus urraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta á n-urramú ag an am céanna, le tacaíocht ó institiúidí daonlathacha;

14. á mheabhrú go n-áirítear sa togra an fhéidearthacht go mbainfí leas as ráthaíocht bhuiséadach; á chur i bhfáth nach mór na himpleachtaí buiséadacha a bhaineann le hoibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí faoi chlár réime Fís Eorpach a shainaithint go soiléir, a chur i láthair go trédhearcach agus faireachán cúramach a dhéanamh orthu le linn na tréimhse CAI; á áitiú nach mór do gach cinneadh a bhaineann le hoibríochtaí den sórt sin cumhachtaí na gcomhreachtóirí agus sainchumais an údaráis bhuiséadaigh a urramú go hiomlán; á chur i bhfios go láidir gur cheart na hionstraimí sin a úsáid go straitéiseach chun tionchar, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht chistiú an Aontais a uasmhéadú, agus trédhearcacht iomlán, bainistiú riosca fónta agus urraim do shainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh á n-áirithiú ag an am céanna; á mheabhrú gur cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí *inter alia* an méid seo a leanas a ráthú: rochtain iomlán ar shonraí in-iniúchta, cearta imscrúdaithe don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus cearta

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

iniúchóireachta do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

15. á thabhairt chun suntais go bhfónann an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), go sonrach trí Chiste CNE lena n-áirítear an Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú, don chuspóir tacú le gnólachtaí Eorpacha domhainteicneolaíochta nuathionscanta agus gnólachtaí Eorpacha domhainteicneolaíochta atá i mbun fáis a sholáthraíonn luach straitéiseach fadtéarmach don Aontas, i gcomhréir le cuspóirí thuarascáil Draghi; á mheabhrú gur ionstraim aonuaire é an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, lena dtugtar le chéile cistiú ó bhuiséad an Aontais agus ó infheisteoirí príobháideacha chun a chur ar chumas cuideachtaí rochtain a fháil ar chaipiteal suntasach ag céimeanna an tionscnaimh, an fháis agus an mhéadaithe; á iarraidh go láidir go leanfadh an Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú dá mhisean laistigh den Chomhairle Nuálaíochta Eorpach sa chéad CAI eile; á chur i bhfáth gur gá coimircí a bheith i bhfeidhm chun rialú buiséadach fónta a áirithiú agus chun damáiste do chlú bhuiséad an Aontais a sheachaint; sa chomhthéacs sin, ag tabhairt dá haire, i bhfianaise nádúr uathúil na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus an ghá di oibriú i margadh domhanda caipitil fiontair atá ag athrú go tapa ina bhfuil caillteanais chaipitil shuntasacha dosheachanta, go bhféadfaí díolúintí spriocdhírithe ón Rialachán Airgeadais a chur ar fáil i gcásanna inar gá, i gcomhar leis an gCoiste um Buiséid agus leis an gCoiste um Rialú Buiséadach; á chur i bhfios go láidir nach mór údar maith a bheith leis na díolúintí sin agus nár cheart dóibh an bonn a bhaint de shainphribhléidí na Parlaiminte mar údarás buiséadach; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh in earnálacha straitéiseacha Eorpacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, cosanta agus glana chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoi uathriail straitéiseach na hEorpa;

16. á chur i bhfáth gur gá tacú le gnólachtaí atá i mbun fáis agus cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha a mbealach a dhéanamh trí ‘ghleann an bháis’, is é sin gur minic a bhíonn teip nó athlonnú lasmuigh de Aontas nuair nach ndéantar tráchtálú ar an ngnó; á chur i bhfáth gur cheart do Fís Eorpach T&N a chur ag croílár straitéis gheilleagair agus infheistíochta an Aontais, agus gur cheart don Chiste Eorpach um Iomaíochas díriú ar an bhforbairt bhrostaithe, ar chur chun feidhme agus ar an iomaíochas tionsclaíoch agus ar uas-scálú agus imscaradh ar scála Eorpach do na tionscadail T&N is láidre san Eoraip;

17. á mheabhrú gur cheart cur chuige ‘oscailte’ (ón mbun aníos) agus cur chuige ‘beartas poiblí’ (ón mbarr anuas) araon a ionchorprú in Fís Eorpach, i ndlúthchomhar agus i sineirgíocht leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus lena ionuithe beartais, go háirithe i dteicneolaíochtaí dé-úsáide a d’fhéadfaí a mhéadú laistigh de chreat an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas; á thabhairt chun suntais go bhfuil sineirge agus fócas den sórt sin ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fíor-riachtanach chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh;

18. á mheabhrú nach mór nósanna imeachta riaracháin a shimpliú do gach iarratasóir, go háirithe do thionscadail bheaga nó mheánmhéide, chun rannpháirtíocht níos fearr do FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a áirithiú, lena n-áirítear ualaí laghdaithe ar iarratais agus íocaíocht deontais níos tapúla; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur cheart go n-éascódh an clár rannpháirtíocht de gach cineál geallsealbhóra, go háirithe nuatheachtaithe, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí atá i

mbun fáis, an saol acadúil, agus spriocghrúpaí nua, go háirithe trí na Pointí Teagmhála Náisiúnta, nach mór dóibh idirghníomhú le struchtúir tacaíochta ábhartha faoi chláir eile de chuid an Aontais;

19. á chur i bhfáth nach mór úsáid ioncaim shannta sheachtraigh faoin gClár Fís Eorpach a bheith go hiomlán trédhearcach agus faoi réir ag grinnscrúdú parlaiminteach éifeachtach; ag tabhairt dá aire, ina leith sin, na forálacha a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais ó aon tríú tír atá rannpháirteach agus ó dheontóirí eile; á chur i bhfios go láidir, dá mbreithneodh an coiste ceannais forálacha a bhaineann le hioncam sannta seachtrach a leasú, gur cheart é sin a dhéanamh i gcomhar leis an gCoiste um Buiséid agus leis na coistí eile chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú;

20. ag meabhrú an togra le haghaidh rialachán maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile a bhunú do chláir agus do ghníomhaíochtaí an Aontais (an ‘rialachán feidhmíochta’), lena mbunófaí liosta cuíchóirithe aonair le haghaidh táscairí feidhmíochta agus forálacha faireacháin agus meastóireachta, a bhfuil cuid acu ábhartha don chlár Fís Eorpach; á mheabhrú gur cheart cur i bhfeidhm na bprionsabal cothrománach, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, a bheith i gcomhréir le rialacha earnáil-sonracha, dá bhforáiltear in athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais, chun a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach lena gcuirtear sainiúlachtaí na gclár earnála san áireamh; á chur i bhfios go láidir gur gá aon athrú ar an ollstruchtúr, ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí incháilithe faoin gclár a léiriú de réir mar is cuí sna forálacha ábhartha in Iarscríbhinn I den rialachán feidhmíochta, mar chuid den phróiseas chun an rialachán sin a leasú agus a chaibidliú; á chur i bhfios, cé gur féidir le reachtaíocht earnála an rialachán feidhmíochta a fhorlíonadh, mar shampla maidir le meastóireachtaí ar chláir, gur cheart go leanfadh sé de bheith comhsheasmhach le forálacha an rialacháin sin;

21. á mheas gur cheart saoradh taighde a athúsáid go hiomlán chun cuidiú le hacmhainneacht taighde an Aontais a neartú, gan uasteorainn shaorga a chur leis na méideanna nach bhforáiltear dóibh sa Rialachán Airgeadais; á mheas freisin gur cheart athshreabha ó ionstraimí airgeadais a leanúint de bheith ar fáil laistigh den chlár Fís Eorpach.

Mar chuid dá mheasúnú buiséadach, cuireann an Coiste um Buiséid na leasuithe seo a leanas ar an dréacht-togra i láthair freisin.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. I gcás ina bhfuil tacaíocht ón Aontas faoin gClár le soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, cé is moite d'ionstraimí airgeadais faoi CNE, ba cheart an tacaíocht sin a sholáthar go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU CEI. | 34. I gcás ina bhfuil tacaíocht ón Aontas faoin gClár le soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, cé is moite d'ionstraimí airgeadais faoi CNE ***- lena n-áirítear an Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú***, ba cheart an tacaíocht sin a sholáthar go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU CEI. |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Níor cheart go rachadh an chomhlántacht idir an clár Fís Eorpach agus ionstraimí eile de chuid an Aontais – lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas – chun dochair d'inrianaitheacht caiteachais ná do shainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh. Ba cheart rannchuidiú an chláir Fís Eorpach le gníomhaíochtaí a chistítear go comhpháirteach a bheith inaitheanta go sainráite i gcónaí ag gach céim den timthriall buiséadach agus ba cheart é sin a léiriú go cuí i Ráiteas*** |

***Feidhmíochta an Chláir.***

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37b) Ba cheart go gcuirfeadh forálacha an Rialacháin seo, chomh maith lena shocruithe rialachais, le cinnteoireacht chuí an údaráis bhuiséadaigh agus le maoirseoireacht pharlaiminteach iomchuí. Go háirithe, ba cheart aon sonraíocht ar ollstruchtúr inmheánach an chláir a léiriú go cuí san ainmníocht bhuiséadach trí línte buiséid comhfhreagracha a thabhairt isteach.*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37c) I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, déanfar méideanna saortha a bhaineann le taighde a athúsáid chun cuidiú le hacmhainneacht taighde an Aontais a neartú, gan aon uasteorainn réamhghabhálach lena gcuirfí srian ar an údarás buiséid sa nós imeachta buiséadach bliantúil.*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Rinneadh measúnú ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais[+] de bhun Airteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha idir airgeadais agus dhaonna a leithdháileadh chun é a chur chun feidhme, agus tionchar an mhaoinithe ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á chur san áireamh agus a chomhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, leis an gcóras acmhainní dílse agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach comhfhreagrach, chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] á háirithiú.*** |

---

[+] ***Pro memoria: Measúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid i bParlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2023 ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695.***

***[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj ).***

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR ***175 002 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh in imchlúdach ***airgeadais táscach an Chláir*** le haghaidh na tréimhse ***ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034***. | 1. Is é EUR ***200 003 562 000*** i bpraghsanna reatha ***(EUR 177 010 000 000 i bpraghsanna 2025)***a bheidh in imchlúdach ***an chláir chun an Rialachána chur i bhfeidhm*** le haghaidh na tréimhse ***2028-2034***. |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. [Ón 1 Eanáir 2028 / dáta tosaigh an chláir], de mhaolú ar Airteagal 212(3, an chéad fhomhír, an dara fomhír agus an ceathrú fomhír, den Rialachán Airgeadais, úsáidfear ioncam, aisíocaíochtaí agus aisghabhálacha ó ionstraimí airgeadais arna gcistiú ón Rialachán seo agus óna réamhtheachtaithe arna soláthar tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***tacaíocht ón Aontas a sholáthar faoin gclár Fís Eorpach. De mhaolú ar Airteagal 21(3), pointe (f), agus i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, is éard a bheidh sna hacmhainní sin ná ioncam sannta seachtrach don chlár Fís Eorpach. Fanfaidh ioncam, aisíocaíochtaí agus aisghabhálacha ó ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme ag Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí ar iarmhéid Chiste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí.*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn don mhéid a saoradh a eascraíonn as neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal taighde, cuirfear ar fáil arís iad don Chlár seo, i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh, agus tosaíocht á tabhairt don chuspóir céanna.*** |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cé is moite d'ionstraimí airgeadais faoi (Chiste) CNE i gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena | 3. Cé is moite d'ionstraimí airgeadais faoi (Chiste) CNE ***- lena n-áirítear an Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú*** - i gcás ina soláthraítear tacaíocht |

n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, soláthrófar í go heisiach trí Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme in Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas trí na comhaontuithe ranníocaíochta nó ráthaíochta arna dtabhairt i gcrích chun na críche sin. I gcás ina mbaintear úsáid as Ionstraim InvestEU CEI sa Chlár, soláthrófar leis an soláthar le haghaidh na ráthaíochta buiséadaí agus an maoiniú le haghaidh ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha i bhfoirm oibríochta meascthа.

ón Aontas i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, soláthrófar í go heisiach trí Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme in Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas trí na comhaontuithe ranníocaíochta nó ráthaíochta arna dtabhairt i gcrích chun na críche sin. I gcás ina mbaintear úsáid as Ionstraim InvestEU CEI sa Chlár, soláthrófar leis an soláthar le haghaidh na ráthaíochta buiséadaí agus an maoiniú le haghaidh ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh-inaisíoctha i bhfoirm oibríochta meascthа***, laistigh d'uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí arna bunú le Rialachán CEI***.

## IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina mheasúnú buiséadach ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú an mheasúnaithe bhuiséadaigh, go dtí go nglacfar sa choiste é, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[3], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

| **1. Ionadaithe leasmhara a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta éigeantach** |
|---|
| Marie Curie Alumni Association |
| **2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí** |
| **Ionadaí ar bith** |

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, don tréimhse 2028-2034 a bhunú lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 |
| **Tagairtí** | COM(2025)0543 – C10-0164/2025 – 2025/0543(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>23.10.2025 |
| **Measúnú buiséadach ag**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>23.10.2025 |
| **Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach**<br>Dáta an cheapacháin | Hélder Sousa Silva<br>13.1.2026 |
| **Pléite sa choiste** | 8.4.2026 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.6.2026 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 4<br>0: 1 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
## SA CHOISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR

| 29 | + |
|---|---|
| An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa | Tobiasz Bocheński, Arkadiusz Mularczyk, Bogdan Rzońca |
| Páirtí an Phobail Eorpaigh (PPE) | Isabel Benjumea Benjumea, Michalis Hadjipantela, Andrzej Halicki, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Gabriel Mato, Danuše Nerudová, Karlo Ressler, Hélder Sousa Silva |
| TdE | Tomasz Buczek, Tamás Deutsch, Antonín Staněk |
| An Grúpa Renew | Olivier Chastel, Fabienne Keller, Lucia Yar |
| S&D | Mohammed Chahim, Matthias Ecke, Nikolas Farantouris, Jean-Marc Germain, Sandra Gómez López, Victor Negrescu, Matjaž Nemec, Nils Ušakovs |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Ignazio Roberto Marino, Rasmus Nordqvist, Nicolae Ștefănuță |

| 4 | - |
|---|---|
| ENC | Alexander Jungbluth |
| Feisirí neamhcheangailte | Thomas Geisel |
| TdE | Valérie Deloge, Aleksandar Nikolic |

| 1 | 0 |
|---|---|
| An Chlé | João Oliveira |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh